


## Gníomhaíocht Daltaí: Graf a iniúchadh a sheasann do phatrún fáis planda, nuair a thugtar an airde thosaigh agus an ráta fáis sa tseachtain

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Planda ag fás', ar CD an Dalta.



1.

Airde planda atá á léiriú thuas, agus mar a cláraíodh a fhás in imeacht 4 seachtaine.

a. Cén airde a bhí sa phlanda sin nuair a ceannaíodh é?

\_\_\_\_\_

b. Líon isteach an tábla seo leis an eolas sa léaráid thuas:

<b>Am ina seachtainí</b>	0	1	2	3	4
<b>Airde ina ceintiméadair</b>					

c. An dtugann tú patrún ar bith faoi deara sna sonraí sin?

\_\_\_\_\_

d. Má leanann an planda ag fás ar an ráta céanna, cén airde a bheidh sa phlanda sin faoi cheann 10 seachtaine?

\_\_\_\_\_

e. Faigh comhordanáidí 2 pointe ar bith ar an líne a sheasann do phatrún fáis an phlanda sa léaráid thuas. Leis na pointí sin faigh fána na líne a sheasann don phatrún fáis.

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

f. Céard a thugann tú faoi deara faoin bhfána agus faoi ráta fáis an phlanda?

---


g. Scríobh 2-3 abairt faoi phatrún fáis an phlanda, bunaithe ar do chuid freagraí ar na ceisteanna thuas.

---


---

---


h. Dá mba rud é gur planda 1 cm ar airde a ceannaíodh, ach é ag fás ar an ráta céanna leis an bplanda thuas, tarraing ar an ngraf thíos an líne a léireodh an scéal sin.



2. Tarraing graf a sheasann do phlanda a bhí 4 cm nuair a ceannaíodh é agus a fhásann 1 cm sa tseachtain ina dhiaidh sin.



3.



- An patrún rialta fáis atá ag an bplanda arb é a phatrún fáis atá á léiriú sa léaráid thuas? (Glac leis gur am ina laethanta atá á léiriú ar an x-ais agus airde ina ceintiméadair ar an y-ais.) \_\_\_\_\_
  - Ríomh na rátaí fáis idir gach péire pointí.  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_
4. Más le líne dhíreach leanúnach a léirítear patrún fáis planda, cén cineál patrún fáis a chaitheadh a bheith ag an bplanda sin ar feadh a shaoil?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_
5. Céard é faoi deara cruth an ghraif a léiríonn patrún fáis planda?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_